Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Ceisteanna Coitianta maidir le ríomhnasctha gníomhaire

## Clár na nÁbhar


1. **An bhféadaim mo MyGovID a úsáid chun logáil isteach ar moChúrsaí? .. 2**
2. **Cén fáth a bhfuil mé ag fáil an teachtaireacht earráide seo agus mé ag iarraidh logáil isteach ar moChúrsaí le mo chuid dintiúir MyGovID? ........ 3**
3. **Céard atá le déanamh agam nuair a chuireann mo ghníomhaire in iúl dom gur sheol siad iarratas nasc chugam? ............................................... 3**
4. **Más rud é gur chuir mo ghníomhaire iarratas nasc gníomhaire isteach tráthnóna Dé hAoine, cathain is féidir liom é a cheadú? ............................ 3**


Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

# 1. An bhféadaim mo MyGovID a úsáid chun logáil isteach ar moChúrsaí?


Is ea, féadtar MyGovID a úsáid chun síniú isteach ar moChúrsaí trí na céimeanna seo a leanúint:

i. Logáil isteach go díreach ó leathanach baile **MyGovID** trí scrollú síos agus deilbhín na gCoimisinéirí Ioncaim a roghnú agus do dhintiúir MyGovID a úsáid de réir mar a ordaítear.




NÓ

ii. Téigh chuig leathanach **moChúrsaí** na gCoimisinéirí Ioncaim agus roghnaigh an rogha chun 'Logáil isteach le MyGovID ar thaobh na láimhe clé. Logáil isteach ag baint úsáid as do chuid sonraí MyGovID.




Féach freisin **Bain úsáid as MyGovID chun rochtain ar moChúrsaí** le haghaidh tuilleadh eolais.

## 2. Cén fáth a bhfuil mé ag fáil an teachtaireacht earráide seo agus mé ag iarraidh logáil isteach ar moChúrsaí le mo chuid dintiúir MyGovID?

Deimhnigh go bhfuil tú ag dul ar aghaidh chuig an scáileán logála isteach ceart mar atá leagtha amach in

Ceist Coitianta 1, má tá fadhbanna agat fós le do MyGovID

déan teagmháil le foireann tacaíochta MyGov ar

- Áitiúil 071 967 2616

  nó


- Íosghlao 0818 927 999 ó Luan-Aoine idir 9:15AM agus 5PM

De rogha air sin, féadtar clárú le haghaidh pasfhocal moChúrsaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ach na céimeanna clárúcháin anseo a leanúint.

## 3. Céard atá le déanamh agam nuair a chuireann mo ghníomhaire in iúl dom gur sheol siad iarratas nasc chugam?

Ní gá duit fanacht le ríomhphost deimhnithe ó na Coimisinéirí Ioncaim chun an t-iarratas ar nasc a Cheadú nó a Dhiúltú.

Nuair a chuirfidh do ghníomhaire in iúl duit gur seoladh an t-iarratas nasctha, féadtar logáil isteach agus glacadh leis an iarratas nasctha mar atá treoraithe ar an leathanach. Ríomhnascadh le gníomhaire agus comhairleoir.




## 4. Más rud é gur chuir mo ghníomhaire iarratas nasc gníomhaire isteach tráthnóna Dé hAoine, cathain is féidir liom é a cheadú?

Beidh an t-iarratas ar nasc gníomhaire le feiceáil díreach tar éis don ghníomhaire é a sheoladh chugat i do thaifead fiosruithe moChúrsaí nó i mbosca isteach ROS, ach amháin tráthnóna Dé hAoine tar éis 10pm agus i rith an deireadh seachtaine nuair nach mbeidh sé le feiceáil go dtí maidin Dé Luain.